Measúnú Malartach chun aghaidh a thabhairt ar chuairt scoile OCG

Tá na socruithe seo a leanas á gcur ar fáil d'iarrthóirí OCG, atá cláraithe faoi láthair (bliain acadúil 2020/21) le hOifig OCG agus a mbeadh cuairteanna don ghné phraiticiúil scoile acu sa tréimhse 15 Eanáir – 23 Feabhra, 2021.

Tabharfaidh iarrthóirí faoi dhá Mheasúnú Mhalartacha don OCG seachas dhá ghnáth-chuairt scoile.

MEASÚNÚ MALARTACH – Múineadh na Gaeilge – Comhad 1
Tá Measúnú malartach leagtha amach thíos mar mhalairt ar an gcéad chuairt scoile.

a. OCG Múineadh na Gaeilge. Measúnú malartach 1.
b. Múinfidh an t-iarrthóir an ceacht ullmhaithe don rang sa seomra ranga.
c. Ní mór an ceacht a mhúineadh sa seomra ranga idir na dátaí 13 Eanáir – 26 Feabhra, 2021.
d. Beidh an ceacht bunaithe ar chomhad do Mhúineadh na Gaeilge a d'ullmhaigh an t-iarrthóir don chuairt scoile.
e. Beidh an comhad do Mhúineadh na Gaeilge mar atá leagtha amach sna treoracha in *Sruth na Maoile* (leathanaigh 379 - 395).
f. Tasc, 250 focal: Beidh tasc machnamhach breise mar chuid de chomhad do Mhúineadh na Gaeilge.
g. Ní mór don iarrthóir an tasc machnamhach a chur i gcrích tar éis an ceacht a mhúineadh don rang agus beidh sé bunaithe ar a gcuid machnamh ar an gceacht a mhúineadh.

Dá bhrí sin, beidh 5 chuid sa chomhad do Mhúineadh na Gaeilge:

Clúdach
An Scéim Bhliana
Scéim Sheachtaine
Plean Ceachta
Tasc Machnamhach (250 focal)

MEASÚNÚ MALARTACH - Múineadh na Gaeilge – Comhad 2
Tá Measúnú malartach leagtha amach thíos mar mhalairt ar an gcéad chuairt scoile.

a. OCG Múineadh na Gaeilge. Measúnú malartach 2.
b. Múinfidh an t-iarrthóir an ceacht ullmhaithe don rang sa seomra ranga.
c. Ní mór an ceacht a mhúineadh sa seomra ranga idir na dátaí 13 Eanáir – 26 Feabhra, 2021.
d. Beidh an ceacht bunaithe ar chomhad do Mhúineadh na Gaeilge a d'ullmhaigh an t-iarrthóir don chuairt scoile.
e. Beidh an comhad do Mhúineadh na Gaeilge mar atá leagtha amach sna treoracha in *Sruth na Maoile* (leathanaigh 379 - 395).
f. Tasc, 250 focal: Beidh tasc machnamhach breise mar chuid de chomhad do Mhúineadh na Gaeilge.
g. Ní mór don iarrthóir an tasc machnamhach a chur i gcrích tar éis an ceacht a mhúineadh don rang agus beidh sé bunaithe ar a gcuid machnamh ar an gceacht a múineadh.

Dá bhrí sin, beidh 5 chuid sa chomhad do Mhúineadh na Gaeilge:

Clúdach
An Scéim Bhliana
Scéim Sheachtaine
Plean Ceachta
Tasc Machnamhach (250 focal)

Cuirfear nasc ar fáil ar shuíomh gréasáin OCG www.ilrweb.ie chun an dá chomhad d'OCG Múineadh na Gaeilge a uaslódáil.
Beidh an nasc seo ar fáil ón Luan 1 Feabhra agus beidh sé ar fáil go dtí 28 Feabhra. Cuirfidh na hiarrthóirí dhá chomhad isteach. Beidh gach comhad i bhformáid pdf. Tá an dá chomhad le cur isteach ag an am céanna.
Don uaslódáil, ba cheart na comhaid a ainmniú mar seo: 'OCG039-Comhad 1' agus 'OCG039-Comhad 2' (cuir isteach d'uimhir OCG aonair le do thoil).

Ba cheart d'iarrthóirí an doiciméad 'Measúnú malartach - Ceisteanna Coitianta' a léamh (www.ilrweb.ie).